2026/2067

14.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2067 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2026

lena bhformheastar maoluithe ar Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le coinníollacha incháilitheachta táirgí cosanta le haghaidh cúnamh airgeadais don Úcráin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 ([1]) agus go háirithe Airteagal 13(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2026/467, tarraingeoidh an Úcráin sceideal suas le haghaidh gach gníomhaíochta, caiteachais nó birt a bhaineann le táirgí cosanta nó le táirgí eile chun críoch cosanta a bhfuil sé beartaithe aici cúnamh a iarraidh ina leith, chun tacú lena hacmhainneacht thionsclaíoch cosanta, de bhun Airteagal 8(2), pointe (a)(iii) de Rialachán (AE) 2026/467.

(2) Leagfar amach sa sceideal sin tuairisc ar an táirge cosanta nó ar tháirge eile chun críoch cosanta agus faisnéis maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2026/467.

(3) Le hAirteagal 13(5) de Rialachán (AE) 2026/467 bunaítear maoluithe ar choinníollacha incháilitheachta táirgí cosanta le haghaidh cúnamh airgeadais don Úcráin. Tá an Coimisiún leis na maoluithe sin a fhormheas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, agus comhairle, saineolas agus tacaíocht ó Ghrúpa Saineolaithe um Acmhainneacht Thionsclaíoch Cosanta na hÚcráine á gcur san áireamh, má fhaightear tuairim dhearfach ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 27 den Rialachán sin.

(4) An 18 Lúnasa 2026, i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2026/467, chuir an Úcráin sceideal táirgí faoi bhráid an Choimisiúin ('an 8ú sceideal táirgí'), sceideal a aicmítear ar leibhéal atá coibhéiseach le RESTREINT UE/EU RESTRICTED i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún ([2]), a bhaineann le diúracáin agus armlón, lena n-áirítear pléascáin, agus córais aerchosanta agus córais chosanta in aghaidh diúracán ('na táirgí cosanta lena mbaineann').

(5) Maidir leis na táirgí cosanta lena mbaineann, d'iarr an Úcráin tairbhiú de na maoluithe a leagtar síos in Airteagal 13(5), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2026/467, i leith na gcoinníollacha incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 13(4) den Rialachán sin maidir le monaróirí, bonneagair agus comhpháirteanna táirgí cosanta den chineál sin.

(6) Chun tacú lena hiarraidh, chuir an Úcráin faisnéis ar fáil chun a léiriú go raibh géarghá aici leis na táirgí cosanta lena mbaineann a fháil chun cur i gcoinne an mhéadaithe ar an mbagairt atá ann mar gheall ar dhróin scairdinnill, diúracáin chúrsála agus diúracáin bhalaistíocha, i measc nithe eile. D'áitigh an Úcráin go háirithe a thábhachtaí atá na táirgí sin i gcomhthéacs ionsaithe treisithe na Rúise ar spriocanna sibhialtacha agus ar bhonneagar criticiúil, uas-scálú acmhainneacht mhonaraíochta na Rúise, agus an tslógtha bhreise pearsanra mhíleata a mheastar a dhéanfaidh an Rúis. Tá an brú sin ann i dteannta an easnaimh maidir le cúnamh cosanta don Úcráin mar gheall ar an laghdú ar thacaíocht dhéthaobhach ó thíortha comhpháirtíochta in 2026. Dá bhrí sin, leis na táirgí cosanta lena mbaineann, chuirfí ar a cumas don Úcráin cur i gcoinne ionsaithe treisithe na Rúise ina cogadh foghach, cosaint fheabhsaithe an bhonneagair shibhialtaigh agus chriticiúil a áirithiú, agus táirgí a fháil atá fíor-riachtanach ar leibhéal oibríochtúil agus straitéiseach.

([1]) IO L, 2026/467, 26.2.2026 (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/467/oj).
([2]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint IO L 72, 17.3.2015, lch. 53 (ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj).

(7) I gcás sé cinn de na táirgí cosanta lena mbaineann, d'iarr an Úcráin tairbhiú den mhaolú faoi Airteagal 13(5) pointe (a) den Rialachán. Chun tacú lena hiarraidh, chuir an Úcráin faisnéis ar fáil chun a léiriú nach bhfuil aon táirge coibhéiseach ann a fhreastalaíonn ar a géarghá, agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2026/467, nó a bheadh ar fáil ar an scála is gá agus a mbeadh an t-aga seachadta ina leith i gcomhréir le práinn na staide agus le riachtanais oibríochtúla láithreacha na hÚcráine. Na sé táirgí cosanta lena mbaineann a sholáthar, is é is aidhm don mhéid sin na stoic a athshlánú, rud a éilíonn go n-áiritheofaí comhoiriúnacht iomlán na dtáirgí cosanta lena mbaineann leis na córais atá i seirbhís cheana féin i bhfórsaí armtha na hÚcráine. D'áitigh an Úcráin go háirithe go ndearna sí measúnú ilchéimneach chun a fhíorú, maidir le táirgí a chomhlíonann na ceanglais in Airteagal 13(4), cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí na táirgí sin a sholáthar in ionad na dtáirgí cosanta lena mbaineann. Mhínigh an Úcráin gur áiríodh sa mheasúnú sin fíorú maidir le cé acu is ann nó nach ann do tháirgí coibhéiseacha de thionscnamh an Aontais, Stáit CSTE LEE nó na hÚcráine, a bheadh in ann freagairt dá géarghá. Chuir an Úcráin i dtábhacht gur chuir sí san áireamh go hiomlán na tairiscintí coincréiteacha a rinne na Ballstáit agus a n-earnálacha tionsclaíochta, i gcás inarbh ann do thairiscintí den chineál sin, agus an fhaisnéis a roinn an Coimisiún faoi thionsclaíocht an Aontais, mar aon leis an bhfaisnéis dhéthaobhach a chuir na Ballstáit ar fáil don Úcráin. Mhínigh an Úcráin freisin gur fhíoraigh sí, áit ar sainaithníodh táirge coibhéiseach incháilithe, nach raibh an táirge sin comhoiriúnach leis na córais atá i seirbhís cheana féin i bhfórsaí armtha na hÚcráine, sin nó nach raibh sé ar fáil ar an scála ba ghá.

(8) Ar an mbonn sin, tugann an fhaisnéis atá ar fáil le fios nach bhfuil aon rogha mhalartach ar na táirgí sin le fáil san Aontas, i Stáit CSTE LEE ná san Úcráin.

(9) Chuir an Úcráin faisnéis ar fáil freisin chun a shuí go bhfuil aga seachadta na dtáirgí cosanta thuasluaite i gcomhréir le práinn na staide agus le riachtanais oibríochtúla láithreacha na hÚcráine. Go sonrach, freagraíonn na táirgí do ghá oibríochtúil láithreach lena gcuimsítear úsáid córas atá i bhfeidhm cheana féin chun cosaint a chur ar fáil don daonra sibhialta atá neamhchosanta ar ionsaithe treisithe na Rúise, agus go bhfuil práinn ar leith leis an ngá sin dá bharr. Dá bhrí sin, meastar go ngabhfaidh agaí seachadta gearra nó an-ghearr leis an sceideal táirgí, ag brath ar infhaighteacht na dtáirgí.

(10) Chuir an Úcráin gealltanas dlíthiúil ar fáil ó Rialtas an tríú tír, atá ag gníomhú mar sholáthróir na dtáirgí cosanta lena mbaineann, lena n-áirítear aga seachadta a bhfuil sé beartaithe cloí leis.

(11) I gcás 24 cinn de na táirgí cosanta lena mbaineann, d'iarr an Úcráin tairbhiú den mhaolú faoi Airteagal 13(5) pointe (b) den Rialachán. Chun tacú lena hiarraidh, chuir an Úcráin faisnéis ar fáil freisin chun a léiriú, tráth a cinnidh, go bhfuil aga seachadta na dtáirgí sin i bhfad níos giorra ná mar a bheadh i gcás táirge cosanta a mbeadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2026/467 á gcomhlíonadh aige. Dheimhnigh an Úcráin go háirithe go mbeidh 70 % de mhéid iomlán na dtáirgí seachadta faoin tríú ráithe de 2026. Maidir lena bhfuil fágtha de na táirgí cosanta lena mbaineann, tá sé beartaithe go seachadfar gach ceann díobh seachas ceann amháin sa chéad ráithe de 2027. An táirge atá fágtha, tá sé sin á sheachadadh ina thráthchodanna faoi láthair go dtí R3 2027. Dheimhnigh an Úcráin freisin go ndearna sí comparáid, i gcomhthéacs a measúnaithe faoi Airteagal 13(5) pointe (b), le tairiscintí coincréiteacha a rinne na Ballstáit agus a n-earnálacha tionsclaíochta i gcás ina raibh tairiscintí den sórt sin ann, faisnéis a roinn an Coimisiún roimhe sin maidir le staid thionsclaíocht an Aontais, mar aon le faisnéis dhéthaobhach a chuir na Ballstáit ar fáil.

(12) Ar an mbonn sin, tugann an fhaisnéis atá ar fáil le fios nach bhfuil aon rogha mhalartach ar na táirgí sin le fáil san Aontas, i Stáit CSTE LEE ná san Úcráin.

(13) Chuair an Úcráin gealltanas dlíthiúil ar fáil ó Rialtas an tríú tír, atá ag gníomhú mar sholáthróir na dtáirgí cosanta lena mbaineann, lena n-áirítear gealltanas maidir leis an aga seachadta.

(14) Mar sin féin, chun a áirithiú, le húsáid an mhaolaithe le himeacht ama, go n-urramaítear cuspóirí an Rialacháin go hiomlán agus chun a áirithiú go mbeidh fíorchomhar eacnamaíoch agus tionsclaíoch idir an Úcráin agus an tAontas maidir le táirgí cosanta a mhonarú, agus chun a áirithiú freisin go ndéanfar earnáil tionsclaíochta na hÚcráine a chomhtháthú de réir a chéile i mbonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (BTTCE), is ábhartha a bhreithniú go bhfuil an Úcráin ag soláthar, i nós imeachta comhthreomhar, roinnt córais chosanta choibhéiseacha agus táirgí cosanta coibhéiseacha a chomhlíonann na ceanglais a áirítear in Airteagal 13(4). Cumasófar dá réir sin tuilleadh éagsúlaithe maidir le soláthróirí, mar aon le comhtháthú leantach na hÚcráine in BTTCE.

(15) An 26 Lúnasa 2026, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe um Acmhainneacht Thionsclaíoch Cosanta na hÚcráine, arna bhunú ar bhonn Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2026/467, maidir leis an iarraidh ón Úcráin ar mhaolú, agus fuair sé comhairle uaidh an dáta céanna.

(16) I bhfianaise na n-imthosca thuasluaite, agus an chomhairle ó Ghrúpa Saineolaithe um Acmhainneacht Thionsclaíoch Cosanta á cur san áireamh, measann an Coimisiún go gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an maolú a leagtar síos in Airteagal 13(5) de Rialachán (AE) 2026/467. Dá bhrí sin, ba cheart an maolú a d'iarr an Úcráin an 18 Lúnasa 2026 a fhormheas.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste a bunaíodh le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2026/467.

(18) I bhfianaise a phráinní atá sé don Úcráin na táirgí lena mbaineann a sholáthar agus chun gur féidir an maolú a chur chun feidhme go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe san *Iris Oifigiúil*.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheasann an Coimisiún úsáid na maoluithe i gcomhréir le hAirteagal 13(5), pointe (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2026/467 mar a d'iarr an Úcráin san 8ú sceideal táirgí a fuair an Coimisiún an 18 Lúnasa 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN